# GLÓR CHEATHARLACH

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó: Glór Cheatharlach
Carlow Gateway Business Centre, Bóthar Átha Í, Ceatharlach.
Tel (059) 9158105 / (085) 1340047 emma@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie

## Corn Peile Ghlór na nGael 2010

CUIREADH tús le Corn Peile Ghlór na nGael 2010 an tseachtain seo caite. 'Séard atá i gceist leis an gcomórtas ná bliotz peile do pháistí bhunscoile chun an nasc idir ár gcluichí gaelacha, ár gcultúr agus ár dteanga a chothú, a chaomhnú agus a neartú. Coiste Ghlór Cheatharlach a eagraíonn an comórtas le tacaíocht na múinteoirí a chuireann na cluichí chun cinn ina gcuid scoileanna féin.

Rud suimiúil faoi Chorn Ghlór na nGael ná go bhfuil an comórtas teoranta d'imreoirí i rang a cúig agus níos óige. Ní cheadaítear daltaí sinsearacha ar an bpainéal.

Tá an comórtas ag dul ó neart go neart le níos mó scoileanna páirteach ann bliain i ndiaidh bliana. Imrítear na cluichí uile ag deireadh na scoilbhliana agus tugtar cuireadh do bhunscoileanna uile an cheantair.

Imriodh cluichí na gcailíní tráthnóna Dé Máirt seo caite agus bhí ocht scoil san iomlán páirteach- roinnt foirne láidir go leor agus roinnt eile le himreoirí ar an bpáirc imeartha don chéad uair riamh b'fhéidir. Pé scéal é rinneadar go léir a seacht ndícheall agus bhaineadar taitneamh agus spraoi as na cluichí a imriodh i bpáirceanna gleoite Éire Óg.

Mar is gnáthach bhíodar ann ó Scoil Mhuire gan Smál, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Scoil an Teaghlaigh Naofa, Beann na gCaorach, Baile Haicéad agus Scoil Fiacc chomh maith le foirne nua i mbliana ó Ghaelscoil Átha Í agus ó Bhaile an Chillín. Imriodh dhá chluiche dhéag thar iarnóin fada amháin faoi stiúir na réiteoirí Seán Ó Ciaráin agus Pádraig Mac Eochaidh agus níor taispeánadh cárta de dhath ar bith i rith an ama! Le trí chluiche buaite acu araon ag deireadhan lae is iad Beann na gCaorach agus An Ghaelscoil a bheidh ag imirt sa chraobh.

Na buachaillí a bheidh san iomaíocht an chéad lá eile agus le foirne ag teacht ó dheich scoil is cinnte go mbeidh sár imirt agus coimhlint ghéar le feiceáil ar na páirceanna imeartha. Beidh siad ann ó Scoil an Easboig Uí Fhoghlú, Scoil an Teaghlaig Naofa, Muinebheag, An Tulach, Beann na gCaorach, Gaelscoil Cheatharlach, Scoil Fiacc, Baile Haicéad, An Baile Nua agus Gaelscoil Átha Í.

Imreofar craobhacha na gcailíní agus na mbuachaillí ag deireadh na míosa. Corn agus sciath Ghlór na nGael le buachaint. Go n-éirí leis na himreoirí óga uile.


Gaelscoil Átha Í

## SULT!

CUIRFEAR céad míle fáilte roimh mhuintir óg Cheatharlach chuig oíche shóisialta trí Ghaeilge-SULT! Tagann daoine óga le chéile ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9 i.n. i dTeach Dolmain chun taitneamh a bhaint as comhrá agus craic, ceol agus ól trí Ghaeilge agus beidh fíorchaoin fáilte roimh fhir agus mhná óga ins na 20aí agus na 30aí.

Is deis iontach í seo do dhaoine le suim sa Ghaeilge í a labhairt go sóisialta agus, chomh maith leis sin, spórt agus spraoi a bhaint as comhluadar a chéile. Bailíonn SULT le chéile ag an mbord gaeilge díreach taobh istigh den doras i dTeach Dolmain ó 9 a chlog. Bígí linn gan teip an Déardaoin seo, 27 Bealtaine.

## Clár Éigse 2010 Seolta

AN T-AM sin den bhliain chugainn arís! Am na hÉigse! Sea, Éigse Cheatharlach 2010 ag druidim linn agus clár spleodrach díreach seolta a thabharfaidh imeachtaí, éagsúlacht agus beocht chuig Ceatharlach don tríocha haonú fhéile idir an 11ú agus 20ú Meitheamh.

Sea go deimhin tá clár na féile curtha ar fáil ag coiste na hÉigse do na meáin agus tá sé beo ar an suíomh idirlín www.eigsecarlow.ie. Tá comhgháirdeas agus moladh mór tuillte ach go háirithe ag Tara Ní Chonnachtáin, shiúrthóir na féile, atá tagtha cois Bearbha ó Thír Chonaill agus an Clár. Agus ní haon bhréag é a rá go bhfuiln blas Chonallach agus Chlárach ar fhéile na bliana seo!

Dá mba bhiachlár é chruthódh an rogha gan teora fadhb do dhuine teacht ar chinneadh dá dhinnéar ach glac uaim go mbeidh muintir Cheatharlach, gan trácht ar chuairteoirí anseo don fhéile, chomh gnóthach ag freastal ar imeacht tar éis imeachta gur beag am a bheith fágtha acu do bhéile ar bith thar deich lá na hÉigse!

Le taispeántais ealaíne agus ceárdaíochta, ceolchoirmeacha agus céilithe, seisiúin ceoil de gach aon tsaghas, léachtanna agus litríocht, damha agus drámaíocht, scannáin agus ceardlanna, imeachtaí do pháistí agus don teaghlach, siamsaíocht sráide agus seónna faoin aer is féidir a mhaíomh go cinnte go bhfuil féasta leanúnach na n-ealaíon i ndán dúinn uile agus do na meáin.

Tá fás, forbairt agus leathnú dochreidte tagtha ar Éigse Cheatharlach ón uair gur tháinig an chéad fhéile dheireadh seachtaine ar an saol siar sa bhliain 1979. Is féidir leis an gcoiste reatha a bheith thar a bheith bróidiúil as caighdeán agus éagsúlacht na n-imeachtaí atá ar chlár Éigse Cheatharlach 2010.

Cuirfear a lán den chlár ar fáil saor in aisce ach is cinnte go mbeidh an-éileamh ar thicéid do roinnt imeachtaí chomh maith. B'fhéidir gur fiú dul sa tóir ar thicéid gan mhoill agus an díomá a sheachaint. Is leor nod don eolach! Gach eolas ó www.eigsecarlow.ie nó 059 9140491.

Éigse Cheatharlach, Yours to enjoy! Bainfimid taitneamh aisti gan dabht.


Ballinkillen

# The gang of four auction for Crumlin

## Clonegal/Kildavin



CONTACT: WILLIE WHITE TEL: 053 9377342
EMAIL: CLONEGALKILDAVINNOTES@GMAIL.COM

WELL done to four wonderful women Sandra Rooney, Helen Farrell, Nuala Farrell and Margaret Price of Clonegal, who raised funds for Crumlin Children's Hospital recently. They held their fundraising night in Johnny Dunne's Lounge on 15 May and it was a great night. PJ White (DJ) auctioned fantastic prizes donated by businesses in an intense hour when the bids rose to the hundreds.
A teddy bear was auctioned differently to the rest. PJ asked everyone to take out their change and throw it in to the box beside the teddy. After a two minute song he showed how two minutes can change a child's life with an unbelievable €190 raised. This teddy is now owned by every man and woman in the pub and will be displayed in Dunne's Lounge. Sandra thanked all those who attended the night and to everyone who sponsored the prizes, to PJ White for his wonderful entertainment and to Johnny Dunne for the use of the lounge.

### KILDAVIN COUNTRY MARKET

The Kildavin Country Market has been moved to its new venue, the fabulous GAA complex. The primary purpose is to enhance home and farm income and to promote local food produce and keeping your money in your local area. At the moment the market has 20 local producers selling artisan foods, craft, fresh meat and fresh vegetables. The market is open from 10am to 12 noon every Saturday and the committee thanked the Board of Kildavin/Clonegal GAA for their warm welcome.

### CLONEGAL CYCLING CLUB

The club will take part in the Fun Cycle from Talbot Hotel Wexford to Talbot Hotel Carlow on Sunday 30 May in aid of Carlow Hospice. Departing Wexford at 11am, there will also be three stops on the way Oylgate, Ballycarney and Ballon. If you are interested in taking part please talk to any member of the Cycling Club. Registration fee €20.



Jack Murphy who received a certificate of merit in "The Le Crunch Bunch" poster competition

Continued on page 62